II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1020 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Bealtaine 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a mhéid a bhaineann le hoibríochtaí héileacaptair i mbun seirbhís leighis éigeandála

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagail 27(1) agus 31(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ([2]) ón gCoimisiún, leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir agus, i measc nithe eile, le hoibríochtaí héileacaptair i mbun seirbhís leighis éigeandála (HEMS). Ba cheart na ceanglais theicniúla agus na nósanna imeachta riaracháin sin a thabhairt cothrom le dáta chun a áirithiú go gcuirfí san áireamh an úrscothacht i bhforbairtí agus i ndea-chleachtais i réimse na n-oibríochtaí aeir.

(2) Tá seirbhísí leighis éigeandála héileacaptair i measc na n-oibríochtaí is dúshlánaí ó thaobh sábháilteachta de mar is é a bhíonn sa mhisean go minic ná eitilt chuig láthair neamh-réamhshuirbhithe i ndálaí aimsire ar bith agus faoi bhrú ama chun daoine a tharrtháil. Ba cheart oibríochtaí den sórt sin a rialú ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh siad sábháilte i gcónaí.

(3) I gcás oibríochtaí neamhleighis éigeandála tarrthála héileacaptair, lena n-áirítear oibríochtaí tarrthála sléibhe, ach gan cuardach ná tarrtháil aerárthaí atá i nguais a chur san áireamh, bíonn na hoibríochtaí sin chomh dúshlánach céanna nuair a dhéantar iad faoi na dálaí céanna le hoibríochtaí héileacaptair i mbun seirbhís leighis éigeandála. Dá bhrí sin, nuair a bhíonn oibríochtaí neamhleighis éigeandála tarrthála héileacaptair faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/1139, ba cheart iad a rialáil ar an mbealach céanna le seirbhísí leighis éigeandála héileacaptair.

(4) I ndáil leis an riosca go dtarlódh tionóiscí mar gheall ar thimpeallacht amhairc dhíghrádaithe, lena n-áirítear oibríochtaí le linn drochaimsire agus san oíche, chomh maith leis an riosca go dtarlódh imbhualadh ar láthair tionóisce nó ar láthair tharrthála, ba cheart an riosca sin a mhaolú a thuilleadh, ar bhonn na sonraí atá ar fáil, trí bhíthin ceanglas maidir le trealamh, buan-nósanna imeachta oibríochta, agus oiliúint foirne.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1).

(5) Ba cheart a áirithiú nach mbeidh feidhm ag maoluithe ó chritéir feidhmíochta héileacaptair ach amháin maidir le láithreáin ospidéil oidhreachta a bunaíodh roimh theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, chun a áirithiú go mbainfear amach an leibhéal iomchuí sábháilteachta. Ar láithreáin ospidéil a cháilíonn faoi láthair do mhaoluithe den sórt sin, ba cheart go mbeadh an timpeallacht constaicí fós faoi mhaoirseacht agus go mbeadh sí inghlactha ó thaobh sábháilteachta de.

(6) Leis na ceanglais atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le feidhmíocht agus ocsaigin a mhéid a bhaineann le hoibríochtaí seirbhís leighis éigeandála agus tarrthála sléibhe i héileacaptair ar airde mhór a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, ní cheadaítear oibríochtaí ar airde mhór. Ba cheart go bhféadfaí daoine a tharrtháil ag aon airde, áfach. Ba cheart, dá bhrí sin, na ceanglais is infheidhme a leasú.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 140(2), pointe (b) de Rialachán (AE) 2018/1139, tá Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 le cur in oiriúint do Rialachán (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar aerárthaí atá á gcumhachtú le mótair choimpléascacha a áiríodh i Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), arna aisghairm le Rialachán (AE) 2018/1139. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a leasú dá réir sin.

(8) Beidh a ndóthain ama ag teastáil ó oibreoirí a dhéanann oibríochtaí seirbhíse leighis éigeandála héileacaptair (HEMS) faoi láthair agus, chomh maith leis sin, ó na húdaráis inniúla atá freagrach as na hoibríochtaí sin a dheimhniú agus a mhaoirsiú chun na hathruithe a leagtar amach sa rialachán seo a chur chun feidhme ina n-iomláine. Dá bhrí sin, déantar infheidhmeacht na bhforálacha a thugtar isteach leis an Rialachán seo a bhaineann le hoibríochtaí HEMS a chur siar bliain amháin. Ina theannta sin, cuirtear infheidhmeacht roinnt forálacha sonracha siar a thuilleadh ar gá tréimhse cur chun feidhme níos faide a thabhairt dóibh, amhail na forálacha sin lena dtugtar isteach ceaduithe nua nó trealamh nua, ceanglais feidhmíochta nó ceanglais oiliúna.

(9) Aisghaireadh Treoir 2004/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) le Rialachán (CE) Uimh. 216/2008. Cuireadh Treoir 2004/36/CE chun feidhme le Rialacháin (CE) Uimh. 768/2006 ([5]) agus (CE) Uimh. 351/2008 ón gCoimisiún ([6]). Cuireadh forálacha Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 in ionad fhorálacha na rialachán réamhluaite sin, ach níor aisghaireadh go sainráite iad riamh. Is gá, dá bhrí sin, na rialacháin sin a aisghairm.

(10) Tá dréachtghníomh cur chun feidhme ullmhaithe ag Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh agus tá sé curtha faoi bhráid an Choimisiúin aici i dTuairim Uimh. 08/2022 ([7]) i gcomhréir le hAirteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(11) Tá na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste maidir le rialacha comhchoiteanna sábháilteachta a chur i bhfeidhm i réimse na heitlíochta sibhialta arna mbunú le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 965/2012

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena n-aisghairtear Treoir 91/670/CEE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1592/2002 agus Treoir 2004/36/CE (IO L 79, 19.3.2008, lch. 1).

([4]) Treoir 2004/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le sábháilteacht aerárthaí tríú tíortha a úsáideann aerfoirt an Chomhphobail (IO L 143, 30.4.2004, lch. 76).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 768/2006 ón gCoimisiún an 19 Bealtaine 2006 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2004/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bailiú agus malartú faisnéise faoi shábháilteacht aerárthaí a úsáideann aerfoirt an Chomhphobail agus maidir le bainistiú an chórais faisnéise (IO L 134, 20.5.2006, lch. 16).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 351/2008 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2008 lena gcuirtear Treoir 2004/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun feidhme a mhéid a bhaineann le tosaíocht a shannadh do na cigireachtaí rampa ar aerárthaí a úsáideann aerfoirt an Chomhphobail (IO L 109, 19.4.2008, lch. 7).

([7]) https://www.easa.europa.eu/document-library/opinions

‘6. De mhaolú ar phointe CAT.POL.H.225 d’Iarscríbhinn IV agus go dtí an 25 Bealtaine 2028, féadfar oibríochtaí héileacaptair a dhéantar cheana chuig láthair a bhaineann le leas an phobail (PIS) nó uaidh a dhéanamh faoi choinníollacha a chinnfidh na Ballstáit, aon uair nach féidir na ceanglais maidir le hoibriú in aicme feidhmíochta 1 a chomhlíonadh de bharr mhéid an PIS, na timpeallachta constaicí nó an héileacaptair.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht maidir leis na coinníollacha atá á gcur i bhfeidhm.’;

(2) Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III, IV, V, VII agus VIII i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Aisghairm

Déantar Rialacháin (CE) Uimh. 768/2006 agus (CE) Uimh. 351/2008 a aisghairm le héifeacht ón 14 Meitheamh 2023

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 25 Bealtaine 2024.

Mar sin féin:

(a) beidh feidhm ag pointe (5)(b) den Iarscríbhinn ón 25 Bealtaine 2026.

(b) beidh feidhm ag pointe (5)(d) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo ón 25 Bealtaine 2028 a mhéid a bhaineann leis an leasú ar phointe SPA.HEMS.110(e) d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012;

(c) is ón 25 Bealtaine 2028 amháin a bheidh feidhm ag pointe (5)(f) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo maidir le hoibríochtaí HEMS a chumhdaítear le pointe (61)(b) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012;

(d) Is ón 25 Bealtaine 2026; amháin a bheidh feidhm ag pointe (5)(g) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo ach amháin maidir le hoibríochtaí HEMS a chumhdaítear le pointe (61)(b) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012;

(e) beidh feidhm ag pointí (6) agus (7) den Iarscríbhinn ón 14 Meitheamh 2023.

(f) —féadfaidh na Ballstáit a chinneadh úsáid a bhaint as an bhfoirm atá i bhFoscríbhinn II d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 arna leasú le pointe (2)(b) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo i gcás ina mbeidh deimhnithe nua aeroibreoirí á n-eisiúint acu, nó i gcás ina mbeidh athruithe á ndéanamh acu ar dheimhnithe atá ann cheana, agus sna cásanna sin amháin, i gcomhréir le pointí ARO.GEN.310 nó ARO.GEN.330 d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III, IV, V, VII agus VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (61):

'(61) ciallaíonn "eitilt HEMS" eitilt héileacaptair atá ag oibriú faoi cheadú HEMS, nuair is ríthábhachtach iompar láithreach mear agus nuair atá sé de chuspóir ag an eitilt sin aon cheann seo de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) cúnamh liachta éigeandála a éascú tríd na daoine nó na nithe seo a leanas a iompar:

(i) pearsanra liachta;

(ii) soláthairtí leighis (trealamh, fuil, orgáin, drugaí);

(iii) daoine breoite nó gortaithe agus daoine eile a bhfuil baint dhíreach acu leis an gcás;

(b) oibríocht a chur i gcrích i gcás ina bhfuil riosca don tsláinte i ndán don duine, riosca don tsláinte atá ar tí tarlú, nó a bhfuil coinne leis, i ngeall ar an timpeallacht, más rud é go gcomhlíontar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:

(i) is gá an duine sin a tharrtháil nó soláthairtí a sholáthar dó;

(ii) ní mór daoine, ainmhithe nó trealamh a iompar chuig láithreán oibriúcháin HEMS agus uaidh;';

(b) cuirtear an pointe (61a) seo a leanas isteach:

'(61a) ciallaíonn "oibríocht HEC le linn HEMS" oibríochtaí aeir agus talún chun duine amháin nó níos mó a iompar mar lasta seachtrach daonna (HEC) laistigh d'eitilt HEMS;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (62):

'(62) ciallaíonn "bunáit oibríochtaí HEMS" aeradróm ina bhféadfaidh baill den fhoireann agus an héileacaptar HEMS a bheith ar fuireachas le haghaidh oibríochtaí HEMS;';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (63):

'(63) ciallaíonn "láithreán oibríochtaí HEMS" láithreán a roghnaíonn an ceannasaí le linn eitilt HEMS le haghaidh oibríocht HEC le linn HEMS nó tuirlingt nó éirí de thalamh;';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (118):

'(118) ciallaíonn "ball den fhoireann theicniúil" ball foirne in oibríochtaí aeriompair tráchtála HEMS, HEC le linn HEMS, HHO nó NVIS, seachas ball den fhoireann eitilte nó den fhoireann chábáin, arna shannadh ag an oibreoir do dhualgais san aerárthach nó ar an talamh chun críche cúnamh a thabhairt don phíolóta le linn oibríochtaí HEMS, HEC le linn HEMS, HHO nó NVIS, a bhféadfadh oibriú trealaimh speisialaithe ar bord a bheith ag teastáil ina leith;';

(f) cuirtear an pointe (129) nua seo a leanas isteach:

'(129) ciallóidh "aerárthach coimpléascach atá á chumhachtú le mótar":

(a) eitleán:

— a bhfuil uasmhais éirí de thalamh dheimhnithe aige a sháraíonn 5 700 kg nó

— atá deimhnithe d'uaschumraíocht suí do phaisinéirí is mó ná naoi suíochán déag nó

— atá deimhnithe chun oibriú le foireann de bheirt phíolótaí ar a laghad nó

— atá feistithe le (a) inneall turbascairde nó innill turbascairde nó le níos mó ná inneall turbaliáin amháin; nó

(b) héileacaptar atá deimhnithe:

(i) d'uasmhais éirí de thalamh a sháraíonn 3 175 kg nó

(ii) d'uaschumraíocht suí do phaisinéirí is mó ná naoi suíochán nó

(iii) chun oibriú le foireann de bheirt phíolótaí ar a laghad nó

(c) aerárthach claonrótair;';

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ARO.OPS.220:

'**ARO.OPS.220 Oibríochtaí héileacaptair chuig láthair a bhaineann le leas an phobail nó ó láthair den chineál sin a cheadú**

(a) Tar éis dó iarratas a fháil maidir le ceadú oibríochta héileacaptair chuig láthair a bhaineann le leas an phobail nó ó láthair den chineál sin a eisiúint nó athrú a dhéanamh air, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar an iarratas i gcomhréir le pointe CAT.POL.H.225 d'Iarscríbhinn IV agus déanfaidh sé aon mheasúnú breise ar an oibreoir de réir mar is gá.

(b) Áireofar leis an gceadú dá dtagraítear i bpointe CAT.POL.H.225 d'Iarscríbhinn IV de na láithreacha a bhaineann le leas an phobail nó liosta de láithreacha agus liosta den chineál héileacaptair nó de na cineálacha héileacaptair arna sonrú ag an oibreoir agus a bhfuil feidhm ag an gceadú maidir leo.

(c) Ní bheidh feidhm ag an gceadú ach amháin maidir le láithreacha a bhaineann le leas an phobail a bunaíodh roimh an 1 Iúil 2002, nó maidir le láithreacha a bhaineann le leas an phobail a bunaíodh roimh an 28 Deireadh Fómhair 2014 agus, ina leith sin, tugadh fógra don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht maidir le maolú ar phointe CAT.POL.H.225 d'Iarscríbhinn IV a deonaíodh faoi Airteagal 6(6).

(d) Má thugtar fógra faoi athruithe ar an timpeallacht constaicí ag láthair a bhaineann le leas an phobail nó má fheictear gur ann dóibh, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú lena fháil amach an bhfuil na ceaduithe sin a dheonaigh sé fós bailí, ceaduithe lena gcumhdaítear oibríochtaí héileacaptair chuig an láithreán sin nó uaidh. I gcás ina mbeidh tionchar suntasach diúltach ar an tsábháilteacht ag athruithe buana ar an timpeallacht constaicí, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(1) teorannóidh an t-údarás inniúil pribhléidí na gceaduithe ábhartha arna ndeonú faoi phointe CAT.POL.H.225 d'Iarscríbhinn IV chun oibríochtaí héileacaptair chuig an láithreán sin agus uaidh a eisiamh agus bainfidh sé an láithreán den liosta a ghabhann leis an gceadú i gcomhréir le pointe (b);

(2) ní bheidh an láthair incháilithe a thuilleadh do cheadú láithreach a bhaineann le leas an phobail faoi phointe CAT.POL.H.225 d'Iarscríbhinn IV;

(3) i gcás ina mbainfear na constaicí nua, féadfaidh oibreoirí iarratas a dhéanamh ar cheadú le haghaidh oibríocht héileacaptair, nó iarratas a dhéanamh athuair ar cheadú le haghaidh oibríochta héileacaptair, faoi phointe CAT.POL.H.225 d'Iarscríbhinn IV don láithreán áirithe sin.

(e) Ní dheonóidh an t-údarás inniúil ceadú faoi phointe CAT.POL.H.225 d'Iarscríbhinn IV le haghaidh láthair a bhaineann le leas an phobail a oibríodh roimhe sin in aicme feidhmíochta 1 tar éis athrú ar an timpeallacht constaicí.';

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn II:

'Foscríbhinn II

SONRAÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTAÍ **(faoi réir na gcoinníollacha a ceadaíodh sa lámhleabhar oibríochtaí)**				
Sonraí teagmhála an údaráis eisiúna Teileafón[1]: _____; Facs: _____; Ríomhphost: _____				
AOC[2]: Ainm an oibreora[3]: Dáta[4]: Síniú: Ainm trádála Sonraíochtaí oibríochtaí #:				
An cineál aerárthaigh[5]: Marcanna clárúcháin[6]:				
Cineálacha oibríochtaí: Aeriompar tráchtála ☐ Paisinéirí ☐ Lasta ☐ Eile[7]: _____				
Limistéar oibríochta[8]:				
Srianta speisialta[9]:				
Ceaduithe sonracha:	Ceadaithe	Níl sé ceadaithe	Sonraíocht[10]	Tráchtanna
Earraí contúirteacha:	☐	☐		
Oibríochtaí drochléargais Éirí de thalamh Ascnamh agus tuirlingt Creidmheasanna oibríochtúla	 ☐ ☐ ☐	 ☐ ☐ ☐	 RVR[11] ... m CAT[12].... DA/H: ft, RVR:.. m CAT[13]….DA/H: ft, RVR:... m	
RVSM[14] ☐ Ní bhaineann sé le hábhar	☐	☐		
ETOPS[15] ☐ Ní bhaineann sé le hábhar	☐	☐	Uas-am atreoraithe[16]: nóim.	

Sonraíochtaí casta loingseoireachta le haghaidh oibríochtaí PBN[17]	☐	☐		
Sonraíocht feidhmíochta íosta loingseoireachta	☐	☐		
Oibríochtaí eitleáin tuirbín a bhfuil inneall amháin aige le linn na hoíche nó in IMC (SET-IMC)	☐	☐		
Oibríochtaí héileacaptair le cabhair ó chórais íomháithe radhairc oíche	☐	☐		
Oibríochtaí héileacaptair ardaitheora	☐	☐		
Oibríochtaí héileacaptair i mbun seirbhís éigeandála leighis	☐	☐		
Oibríochtaí héileacaptair amach ón gcósta	☐	☐		
Íosdálaí oibriúcháin VFR laghdaithe i leith ascnamh agus imeacht héileacaptair i dtreo pointe sa spás	☐	☐		
Oiliúint ar an bhfoireann cábáin[20]	☐	☐		
Eisiúint fianaithe foirne cábáin[21]	☐	☐		
Úsáid feidhmchlár EFB de chineál B	☐	☐	[22]	
Aeracmhainneacht leanúnach	☐	☐	[23]	
Eile[24]				

[1] Sonraí teagmhála teileafóin an údaráis inniúil, lena n-áirítear an cód tíre. Luaigh an ríomhphost chomh maith le facs má tá sé ar fáil.

[2] Uimhir an deimhnithe aeroibreora ghaolmhair (AOC) a chur isteach.

[3] Ainm cláraithe an oibreora agus ainm trádála an oibreora a chur isteach, murab ionann iad. 'AT' a chur isteach roimh an ainm trádála.

[4] Dáta eisiúna shonraíochtaí na n-oibríochtaí (ll-mm-bbbb) agus síniú ionadaí an údaráis inniúil.

[5] Ainmniú ICAO de dhéanamh, de chineál agus de shraith an aerárthaigh nó den mháistirshraith, i gcás inar ainmníodh sraith (e.g. Boeing-737-3K2 nó Boeing-777-232) a chur isteach.

[6] Liostaítear na marcanna clárúcháin sna sonraíochtaí oibríochtaí nó sa lámhleabhar oibríochtaí. Sa chás deireanach sin, ní mór tagairt a bheith sna sonraíochtaí oibríochtaí gaolmhara don leathanach gaolmhar sa lámhleabhar oibríochtaí. Sa chás nach mbaineann gach ceadú sonrach le cineál an aerárthaigh, féadfar marcanna clárúcháin an aerárthaigh a iontráil i gcolún na mbarúlacha a ghabhann leis an gceadú sonrach gaolmhar.

[7] Cineál eile iompair atá le sonrú (e.g. seirbhís éigeandála leighis).

[8] Liosta den limistéar geografach/de na limistéir gheografacha ina bhfuil an oibríochtaí údaraithe (de réir comhordanáidí geografacha nó bealaí sonracha, réigiún faisnéise eitilte nó srianta náisiúnta nó réigiúnacha).

(9) Liosta de na srianta speisialta is infheidhme (e.g. VFR amháin, le linn an lae amháin, etc.).

(10) Liostaigh sa cholún seo na critéir is mó lena ndeonófar gach ceadú nó gach cineál ceadaithe (le critéir iomchuí).

(11) Raon radhairc íosta an rúidbhealaigh (RVR) atá ceadaithe le linn éirí de thalamh a chur isteach i méadair. Féadfar líne amháin in aghaidh an cheadaithe a úsáid má dheonaítear ceaduithe éagsúla.

(12) An chatagóir ascnaimh bheacht is infheidhme a chur isteach: CAT II nó CAT III. RVR íosta a chur isteach i méadair agus DH i dtroithe. Úsáidtear líne amháin in aghaidh na catagóire ascnaimh liostaithe.

(13) An creidmheas oibríochtúil is infheidhme a chur isteach: SA CAT I, SA CAT II, EFVS, etc. RVR íosta a chur isteach i méadair agus DH i dtroithe. Úsáidtear líne amháin in aghaidh an chreidmheasa oibríochtúil liostaithe.

(14) Ní féidir an bosca 'Ní bhaineann le hábhar' (N/B) a sheiceáil ach amháin má tá síleáil uasta an aerárthaigh faoi bhun FL290.

(15) Níl feidhm ag oibríochtaí raoin leathnaithe (ETOPS) faoi láthair ach amháin maidir le haerárthaí a bhfuil dhá inneall acu. Dá bhrí sin, is féidir an bosca 'Ní bhaineann sé le hábhar' (N/B) a sheiceáil má tá níos lú, nó níos mó, ná dhá inneall ag an gcineál aerárthaigh.

(16) Féadfar an fad tairsí a liostú freisin (in NM), chomh maith leis an gcineál innill.

(17) Loingseoireacht fheidhmíochtbhunaithe (PBN): úsáidtear líne amháin le haghaidh gach ceadaithe shonraigh chasta PBN (e.g. RNP AR APCH), agus srianta iomchuí liostaithe acu sna colúin 'Sonraíochtaí' nó 'Tráchtanna', nó sa dá cholún. Féadfar ceaduithe sonracha nós imeachta RNP AR APCH a liostú sna sonraíochtaí oibríochtaí nó sa lámhleabhar oibríochtaí. Sa chás deireanach sin, ní mór tagairt a bheith sna sonraíochtaí oibríochtaí gaolmhara don leathanach gaolmhar sa lámhleabhar oibríochtaí.

(18) Sonraigh an bhfuil an ceadú sonrach teoranta do chríocha rúidbhealaigh áirithe nó d'aeradróim áirithe, nó dóibh araon.

(19) An t-aerfhráma áirithe nó an teaglaim áirithe innill a chur isteach.

(20) Ceadú chun an cúrsa oiliúna agus an scrúdú atá le déanamh ag iarratasóirí ar fhianú na foirne cábáin a riar, mar a shonraítear in Iarscríbhinn V (Cuid-CC) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011.

(21) Ceadú chun fianuithe na foirne cábáin a eisiúint mar a shonraítear in Iarscríbhinn V (Cuid-CC) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011.

(22) An liosta d'fheidhmchláir EFB de chineál B a chur isteach mar aon leis an tagairt do chrua-earraí EFB (le haghaidh EFBanna iniompartha). Tá an liosta seo i sonraíochtaí na n-oibríochtaí nó sa lámhleabhar oibríochtaí. Sa chás deireanach sin, ní mór tagairt a bheith sna sonraíochtaí oibríochtaí gaolmhara don leathanach gaolmhar sa lámhleabhar oibríochtaí.

(23) Ainm an duine nó na heagraíochta atá freagrach as a áirithiú go gcothabhálfar aeracmhainneacht leanúnach an aerárthaigh agus tagairt don rialachán lena gceanglaítear an obair sin, i.e. Fochuid G d'Iarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014.

(24) Is féidir ceaduithe nó sonraí eile a chur isteach anseo, agus úsáid á baint as líne amháin (nó bloc il-líne amháin) in aghaidh an údaraithe (e.g. oibríochtaí tuirlingthe giorra, oibríochtaí ascnaimh ghéir, laghdú ar an bhfad tuirlingthe is gá, oibríochtaí héileacaptair chuig láthair a bhaineann le leas an phobail nó ó láthair den chineál sin, oibríochtaí héileacaptair os cionn timpeallacht naimhdeach atá suite lasmuigh de limistéar plódaithe, oibríochtaí héileacaptair nach bhfuil acmhainn tuirlingthe éigeantais sábháilte acu, oibríochtaí a bhfuil uillinn bhainc mhéadaithe acu, uasfhad ó aeradróm leordhóthanach le haghaidh eitleáin a bhfuil dhá inneall acu gan ceadú ETO).

Foirm 139 EASA, Eagrán 8';

(3) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) leasaítear pointe ORO.TC.110 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) Tar éis na hoiliúna tosaigh, na hoiliúna tiontaithe oibreora, agus na hoiliúna ar na difríochtaí a chur i gcrích, agus tar éis aon eitilte taithíochta is gá, déanfar seiceáil ar gach ball den fhoireann theicniúil chun a léiriú go bhfuil siad inniúil chun gnáthnósanna imeachta agus nósanna imeachta éigeandála a chur i gcrích.';

(ii) cuirtear na pointí (d) agus (e) seo a leanas leis:

'(d) Déanfar na seiceálacha a leanann oiliúint tiontaithe an oibreora agus aon eitilt taithíochta is gá sula rachaidh an ball foirne teicniúil riachtanach i mbun oibríochtaí HEMS, HHO nó NVIS.

(e) 12 mhí féilire a bheidh i mbailíocht na seiceála ar an mball foirne teicniúil chun a léiriú go bhfuil siad inniúil chun na gnáthnósanna imeachta agus na nósanna imeachta éigeandála a chur i gcrích.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ORO.TC.130:

'ORO.TC.130 Eitiltí taithíochta

Mura n-áirítear le hoiliúint tiontúcháin an oibreora oiliúint in aerárthach/FSTD, tabharfaidh gach ball den fhoireann theicniúil faoi eitiltí taithíochta.'.

(4) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) leasaítear pointe CAT.POL.H.215 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) I ngeall ar mhais an héileacaptair agus ar an gconair eitilte ag gach pointe feadh an bhealaigh, agus an t-inneall criticiúil neamhoibríoch agus na dálaí meitéareolaíochta le haghaidh na heitilte a d'fhéadfadh teacht chun cinn, beifear in ann aon cheann de na pointí seo a leanas a chomhlíonadh:

(1) nuair atá sé beartaithe go mbeidh dromchla na talún as radharc am ar bith le linn na heitilte, ceadaíonn mais an héileacaptair ráta dreaptha 50 troigh/nóiméad ar a laghad agus an t-inneall criticiúil neamhoibríoch ag airde 300 m (1 000 troigh) ar a laghad, nó 600 m (2 000 troigh) i limistéir tír-raoin shléibhtiúil, thar gach tír-raon ábhartha agus constaicí ábhartha feadh an bhealaigh;

(2) nuair atá sé beartaithe go ndéanfar an eitilt agus dromchla na talún as radharc, ceadaíonn an ruthag eitilte don héileacaptar leanúint ar aghaidh ag eitilt ón airde cúrsála go dtí airde 300 m (1 000 troigh) os cionn láithreán tuirlingthe inar féidir tuirlingt i gcomhréir le pointe CAT.POL.H.220; glanann an chonair eitilte go hingearach, agus fágtar glanspás 300 m (1 000 troigh) ar a laghad nó 600 m (2 000 troigh) i limistéir tír-raoin shléibhtiúil, gach tír-raon ábhartha agus gach constaic ábhartha feadh an bhealaigh; Féadfar úsáid a bhaint as teicnící chun tuirlingt de réir a chéile;

(3) nuair atá sé beartaithe go ndéanfar an eitilt i staid mheitéareolaíoch amharc-eitilte (VMC) agus radharc ar dhromchla na talún, ceadaíonn an ruthag eitilte don héileacaptar leanúint ar aghaidh ag eitilt ón airde cúrsála go dtí airde 300 m (1 000 troigh) os cionn láithreán tuirlingthe inar féidir tuirlingt i gcomhréir le pointe CAT.POL.H.220, gan eitilt tráth ar bith faoin íos-airde eitilte iomchuí; Déanfar constaicí a mheas laistigh d'achar ar gach taobh den bhealach mar a shonraítear chun an íos-airde eitilte in VFR a chinneadh.';

(ii) scriostar pointe (c);

(b) leasaítear pointe CAT.POL.H.225 mar a leanas:

(i) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'(1) bunaíodh an láthair mar láthair a bhaineann le leas an phobail roimh an 1 Iúil 2002, nó bunaíodh an láithreán mar láithreán leasa phoiblí roimh an 28 Deireadh Fómhair 2014 agus tugadh fógra don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht maidir le maolú ar an bpointe sin a deonaíodh faoi Airteagal 6(6)14 Meitheamh;';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) Beidh na nithe uile seo a leanas le haghaidh gach PIS sa lámhleabhar oibríochtaí: léaráid nó grianghraf anótáilte ina léirítear na príomhghnéithe, na toisí, an neamh-chomhréireacht le ceanglais aicme feidhmíochta 1, na príomhghuaiseacha agus an plean teagmhasach i gcás ina dtarlódh teagmhas.';

(iii) cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

'(d) Coinneoidh an t-oibreoir an fhaisnéis dá bhforáiltear i bpointe (c) cothrom le dáta agus tabharfaidh sé fógra don údarás inniúil faoi aon athrú a dhéanfar uirthi. Nuair a dhéantar oibríochtaí i mBallstát eile, tabharfaidh an t-oibreoir fógra d'údarás an Stáit sin freisin.';

(c) i bpointe CAT.POL.H.420, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) Chun an ceadú sin a fháil agus a choinneáil ar bun, déanfaidh an t-oibreoir an méid seo a leanas:

(1) ní dhéanfaidh sé na hoibríochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) ach amháin sna limistéir agus faoi na coinníollacha a shonraítear sa cheadú;

(2) FÁGTHA FOLAMH D'AON GHNÓ

(3) tabharfaidh sé bunús leis go gcuireann srianta héileacaptair, nó breithnithe eile a bhfuil údar leo, cosc ar na critéir feidhmíochta iomchuí a úsáid;

(4) beidh sé ceadaithe i gcomhréir le pointe CAT.POL.H.305(b).';

(5) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i bpointe SPA.NVIS.110, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) Beidh gach NVG is gá ar eitilt NVIS den aicme scagtha chéanna agus soláthróidh siad géire amhairc atá coibhéiseach go leor.';

(b) i bpointe SPA.HEMS.100 cuirtear isteach pointe (c) a leanas:

'(c) Oibríochtaí oíche chuig láithreáin oibriúcháin HEMS neamh-réamhshuirbhithe atá lasmuigh de limistéir phlódaithe a sholáthraíonn dóthain solais chomhthimpeallaigh shaorga, déanfar iad faoi cheadú arna eisiúint i gcomhréir le pointe SPA.NVIS.100.';

(c) cuirtear an pointe SPA.HEMS.105 seo a leanas isteach:

'SPA.HEMS.105 Oibríochtaí HEC le linn HEMS

(a) Féadfar oibríochtaí HEC le linn HEMS a dhéanamh le ceachtar díobh seo a leanas:

(1) ardaitheoir héileacaptair, faoi na coinníollacha a leagtar i bhFochuid I (Oibríochtaí ardaitheora héileacaptair);

(2) crochán lasta, faoi na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (b).

(b) Maidir le hoibríochtaí HEC le linn HEMS a dhéantar le crochán lasta, déanfaidh an t-oibreoir an méid seo a leanas:

(1) ceanglais phointe SPO.SPEC.HEC.105 d'Iarscríbhinn VIII a chomhlíonadh;

(2) úsáid a bhaint as crúca dúbailte lasta ceadaithe, nó as feisteas crúca lasta arna cheadú faoi chaighdeán aeracmhainneachta ábhartha;

(3) na hoibríochtaí a theorannú do chéim theicniúil na heitilte chun daoine gortaithe, daoine breoite nó daoine atá i mbaol a tharrtháil, nó chun daoine a iompar atá riachtanach don mhisean;

(4) a áirithiú go bhfuil na baill den fhoireann teicniúil crocháin feistithe, oilte, seiceáilte a ndóthain agus iad curtha ar an eolas faoin teagmhas;

(5) BNIOnna sonracha HEC le linn HEMS a fhorbairt, tar éis an mheasúnaithe riosca dá dtagraítear i bpointe SPA.HEMS.140;

(6) a áirithiú go mbeidh taithí, oiliúint agus seiceáil faighte ag gach ball den fhoireann eitilte a bhfuil baint acu le hoibríochtaí HEC le linn HEMS le haghaidh oibríochtaí HEC le linn HEMS, agus go mbeidh taithí acu a fuair siad le déanaí ar an ngníomhaíocht sin.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SPA.HEMS.110:

'SPA.HEMS.110 Ceanglais trealaimh le haghaidh oibríochtaí HEMS

(a) Ceadófar gach trealamh leighis tiomnaithe a shuiteáil ar héileacaptar agus aon mhodhnú ina dhiaidh sin ar an trealamh sin agus, i gcás inarb iomchuí, ar oibriú an trealaimh sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012.

(b) I gcás eitiltí VFR thar bhealaí a dhéantar a loingsiú trí thagairt a dhéanamh do shainchomharthaí talún infheicthe, beidh gaireas ar an héileacaptar a sholáthraíonn taispeáint léarscáile gluaistí a léiríonn suíomh an aerárthaigh agus constaicí. Coinneofar an léarscáil agus an bunachar sonraí nó na bunachair sonraí constaicí cothrom le dáta.

(c) De mhaolú ar phointe CAT.IDE.H.240 d'Iarscríbhinn IV, comhlíonfaidh héileacaptair choimpléascacha nach bhfuil brúchóirithe a oibrítear in HEMS agus MOPSC naoi suíochán nó níos lú ná sin acu na ceanglais ocsaigine is infheidhme maidir le héileacaptair neamhchoimpléascacha nach bhfuil brúchóirithe.

(d) De mhaolú ar phointí CAT.OP.MPA.285 agus CAT.IDE.H.240 d'Iarscríbhinn IV, féadfar gearrthurais a dhéanamh de lá os cionn 13 000 troigh gan ocsaigin fhorlíontach a úsáid, faoi réir ceadú a fháil roimh ré ón údarás inniúil, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas go léir:

(1) Is gá an turas os cionn 13 000 troigh a dhéanamh chun daoine a bhordáil/a dhíbhordáil nó chun oibríochtaí HEC le linn HEMS a dhéanamh;

(2) ní dhéantar an eitilt os cionn 16 000 troigh;

(3) tá fad an turais os cionn 10 000 troigh gan ocsaigin teoranta do 30 nóiméad laistigh de mhisean HEMS;

(4) áirítear leis an bhfaisnéisiú sábháilteachta i gcomhréir le pointe CAT.OP.MPA.170 d'Iarscríbhinn IV faisnéis leordhóthanach do bhaill foirne agus do phaisinéirí maidir le hiarmhairtí na hiopocsa;

(5) Áirítear BNIOnna sa lámhleabhar oibríochtaí lena gcumhdaítear pointí (1) go (4);

(6) is leor an taithí atá ag an oibreoir oibríochtaí a dhéanamh ag airdí móra gan ocsaigin fhorlíontach a úsáid chun na hoibríochtaí a dhéanamh;

(7) is leor taithí na mball foirne aonair agus a n-oiriúnú fiseolaíoch d'airdí móra chun na hoibríochtaí a dhéanamh;

(8) tá oiliúint tosaigh agus oiliúint thréimhsiúil maidir leis an hiopocsa curtha ar gach ball den fhoireann a bhfuil baint acu leis na hoibríochtaí;

(9) níor diagnóisíodh riocht sláinte ar aon duine de na baill foirne a bhfuil baint acu leis na hoibríochtaí a bhféadfadh hiopocsa a bheith mar thoradh air.

(e) I gcás oibríochtaí aonphíolóta san oíche, beidh an héileacaptar feistithe mar a leanas:

(1) i gcás héileacaptair a eisíodh le deimhniú aeracmhainneachta aonair den chéad uair roimh an 25 Bealtaine 2024 nó níos luaithe, le córas breisithe cobhsaíochta oiriúnach nó uathphíolóta;

(2) i gcás héileacaptair a eisíodh le deimhniú aeracmhainneachta tosaigh den chéad uair an 25 Bealtaine 2024, nó ina dhiaidh sin, le huathphíolóta.

(f) I gcás oibríochtaí HEMS i rith an lae, beidh an héileacaptar feistithe leis na huirlisí eitilte a cheanglaítear faoi phointí (a)(6) agus (a)(7) de phointe CAT.IDE.H.130 d'Iarscríbhinn IV.

(g) Beidh an héileacaptar feistithe le hairdemhéadar raidió atá in ann rabhadh fuaime a chur amach faoi bhun airde réamhshocraithe agus rabhadh amhairc a chur amach ag airde ar féidir leis an bpíolóta a roghnú.

(h) Déanfar na huirlisí agus an trealamh a cheanglaítear le pointí (e) agus (g) a cheadú i gcomhréir leis na ceanglais aeracmhainneachta is infheidhme.

(i) Áiritheoidh an t-oibreoir go ndéanfar an fhaisnéis ábhartha uile a dhoiciméadú sa íosliosta trealaimh.';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SPA.HEMS.120:

'SPA.HEMS.120 Íosdálaí oibriúcháin HEMS

(a) Comhlíonfaidh eitiltí HEMS a oibrítear faoi VFR na híosdálaí aimsire a bhaineann go sonrach le HEMS le haghaidh chéim seolta agus chéim faoi bhealach na heitilte HEMS.

(b) Más rud é, le linn na céime faoi bhealach, go dtiteann na dálaí aimsire faoi bhun na n-íosdálaí néal-airde nó léargais, tréigfidh héileacaptair atá deimhnithe le haghaidh eitiltí faoi VMC, agus faoi VMC amháin, an eitilt nó fillfidh siad ar an mbunáit. I gcás héileacaptair atá feistithe agus deimhnithe le haghaidh oibríochtaí i staid mheitéareolaíoch eitilte le huirlis (IMC), féadfaidh siad an eitilt a thréigean, filleadh ar an mbunáit nó an eitilt a thiontú ar gach bealach ina heitilt a dhéanfar faoi rialacha um eitilt de réir uirlisí (IFR), ar choinníoll go bhfuil an fhoireann eitilte cáilithe go hiomchuí.

(c) Saineofar na híosdálaí oibriúcháin VFR leis na ceanglais aerspáis is infheidhme, ach amháin sna cásanna seo a leanas ina bhféadfar uasteorainn laghdaithe, léargas laghdaithe agus faid ingearacha laghdaithe ó chonstaicí a úsáid:

(1) oibríochtaí ilphíolóta;

(2) oibríochtaí aonphíolóta in éineacht le ball foirne teicniúil atá ina shuí i suíochán tosaigh atá dírithe chun tosaigh, a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige agus a bhfuil sé de chúram air an riosca breise a mhaolú.';

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SPA.HEMS.125:

'SPA.HEMS.125 Ceanglais trealaimh le haghaidh oibríochtaí HEMS

(a) Ní dhéanfar oibríochtaí aicme feidhmíochta 3 thar thimpeallacht naimhdeach ach amháin ar choinníoll go gcomhlíonfar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(1) Tá an láithreán oibriúcháin HEMS a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí éirí de thalamh, tuirlingthe nó HEC le linn HEMS suite os cionn airde 7 000 troigh agus tá an héileacaptar deimhnithe faoi Chatagóir A nó a coibhéis, arna chinneadh ag an nGníomhaireacht;

(2) Ní gá pearsanra leighis, soláthairtí leighis ná daoine gortaithe nó breoite a iompar san oibríocht HEMS atá beartaithe, agus tá an héileacaptar deimhnithe faoi Chatagóir A nó a coibhéis, arna chinneadh ag an nGníomhaireacht, nó tá na coinníollacha seo a leanas go léir comhlíonta:

(i) tá an héileacaptar feistithe le córais bhreosla atá frithsheasmhach in aghaidh imbhualadh;

(ii) tá crios sábhála feistithe ar an héileacaptar ina bhfuil córas sriain le haghaidh uachtar na cabhlach lena úsáid ar gach suíochán paisinéara do gach paisinéir atá 24 mhí d'aois nó níos sine;

(iii) níl airde ceann amháin ar a laghad de na láithreáin oibriúcháin HEMS a úsáidtear le linn na hoibríochta HEMS níos ísle ná 3 000 troigh;

(iv) dheonaigh an t-údarás inniúil ceadú don oibreoir i gcomhréir le pointe CAT.POL.H.420 d'Iarscríbhinn IV;

(3) Tá ar a laghad láithreán oibriúcháin HEMS amháin a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí éirí de thalamh, tuirlingthe nó HEC le linn HEMS le linn na hoibríochta HEMS suite ag airde 8 000 troigh nó os a chionn agus comhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir:

(i) tá an héileacaptar feistithe le córais bhreosla atá frithsheasmhach in aghaidh imbhualadh;

(ii) tá crios sábhála feistithe ar an héileacaptar ina bhfuil córas sriain le haghaidh uachtar na cabhlach lena úsáid ar gach suíochán paisinéara do gach paisinéir atá 24 mhí d'aois nó níos sine;

(iii) níl héileacaptar atá deimhnithe faoi Chatagóir A nó a coibhéis, arna chinneadh ag an nGníomhaireacht, ar fáil nó níl sé oiriúnach don oibríocht i ngeall ar cheann de na cúiseanna seo a leanas:

(A) corrlaigh fheidhmíochta neamhleora chun oibriú ag an láithreán oibriúcháin HEMS, nó gan aon chumas oibríochtaí HEC le linn HEMS a dhéanamh, más infheidhme;

(B) i gcás héileacaptair atá deimhnithe faoi Chatagóir A nó a coibhéis, arna chinneadh ag an nGníomhaireacht, agus a d'fhéadfaí a sheoladh murach seo, go bhfuil siad ar mhisean HEMS nó nach bhfuil siad réidh fós don chéad mhisean eile, rud a fhágann go bhfuil moill ar an idirghabháil nach bhfuil ag luí leis an éigeandáil;

(iv) tá nós imeachta bunaithe ag an oibreoir chun pointe (iii) a chomhlíonadh;

(v) dheonaigh an t-údarás inniúil ceadú don oibreoir i gcomhréir le pointe CAT.POL.H.420 d'Iarscríbhinn IV;

(vi) déanfaidh an t-oibreoir taifead ar na misin uile a dhéantar le heitilt ar héileacaptar nach bhfuil deimhnithe faoi Chatagóir A ná a coibhéis, arna chinneadh ag an nGníomhaireacht.

(b) De mhaolú ar phointe CAT.POL.H.400(d)(2) d'Iarscríbhinn IV, má chomhlíontar critéir phointe (a)(1), féadfar oibríochtaí oíche héileacaptair a dhéanamh in aicme feidhmíochta 3.

(c) Éirí de thalamh agus tuirlingt

(1) I gcás héileacaptair a dhéanann oibríochtaí chuig limistéar ascnaimh deiridh agus éirí de thalamh (FATO) nó uathu in ospidéal atá suite i dtimpeallacht naimhdeach phlódaithe agus a úsáidtear mar bhunáit oibriúcháin HEMS, déanfar iad a oibriú i gcomhréir le haicme feidhmíochta 1.

(2) I gcás héileacaptair a dhéanann oibríochtaí chuig FATO nó uaidh in ospidéal atá suite i dtimpeallacht naimhdeach phlódaithe agus nach bunáit oibriúcháin HEMS é, déanfar iad a oibriú i gcomhréir le haicme feidhmíochta 1 ach amháin sa chás go bhfuil ceadú ag an oibreoir i gcomhréir le pointe CAT.POL.H.225.

(3) Maidir le héileacaptair a dhéanann oibríochtaí chuig láithreán oibriúcháin HEMS nó uaidh atá suite i dtimpeallacht naimhdeach:

(i) déanfar iad a oibriú i gcomhréir le haicme feidhmíochta 2, nó má chomhlíontar na coinníollacha a shainmhínítear i bpointe (a), in aicme feidhmíochta 3;

(ii) beidh siad díolmhaithe ón gceadú a cheanglaítear le pointe CAT.POL.H.305(a) d'Iarscríbhinn IV, ar choinníoll go léirítear go gcomhlíontar pointe CAT.POL.H.305(b)(2) agus (b)(3) d'Iarscríbhinn IV.

(4) Soláthróidh gnéithe an láithreáin oibriúcháin HEMS glanspás leordhóthanach ó gach constaic, agus soláthróidh siad oibríochtaí sábháilte. I gcás oibríochtaí oíche, déanfaidh an córas soilsiúcháin héileacaptair an láithreán tuirlingthe agus na constaicí máguaird a shoilsiú go leordhóthanach.';

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SPA.HEMS.130:

'SPA.HEMS.130 Riachtanais foirne

(a) *Roghnú*. Bunóidh an t-oibreoir critéir chun baill den fhoireann eitilte a roghnú don chúram HEMS, agus a dtaithí roimhe sin á cur san áireamh.

(b) FÁGTHA FOLAMH D'AON GHNÓ

(c) Oiliúint oibríochtúil. Cuirfidh baill den fhoireann oiliúint oibríochtúil i gcrích go rathúil i gcomhréir leis na nósanna imeachta HEMS atá sa lámhleabhar oibríochtaí.

(d) *Oiliúint eitilte trí thagairt d'uirlisí amháin*. I gcás baill den fhoireann eitilte a dhéanann oibríochtaí HEMS gan rátáil uirlisí bhailí, críochnóidh siad oiliúint eitilte ar leibhéal inniúlachta trí thagairt d'uirlisí amháin i héileacaptar nó i bhfeiste oiliúna ionsamhalta eitilte (FSTD) chun na scileanna a shealbhú le gur féidir éalú ó dhálaí neamhbheartaithe IMC. 6 mhí féilire a bheidh i dtréimhse bhailíochta na hoiliúna eitilte.

(e) *Comhdhéanamh na foirne*

(1) *Eitilt lae*. Comhlíonfaidh comhdhéanamh íosta na foirne na ceanglais seo a leanas ar a laghad:

(i) beidh beirt phíolótaí nó píolóta amháin agus ball foirne teicniúil HEMS amháin ann;

(ii) féadfar comhdhéanamh na foirne a laghdú d'aon phíolóta, agus dó sin amháin, má tharlaíonn aon cheann de na cásanna thíos; A luaithe a bheidh comhdhéanamh na foirne laghdaithe go píolóta amháin, ní oibreoidh an ceannasaí an héileacaptar chuig láithreáin oibriúcháin HEMS nó uathu ach sa chás sin amháin go ndearna siad taiscéalaíocht le linn eitilte le beirt bhall foirne le linn an mhisin chéanna HEMS:

(A) ní mór don cheannasaí soláthairtí leighis breise a fháil, athbhreoslú nó athshuíomh agus an ball foirne teicniúil HEMS ag cur cúnamh leighis ar fáil ar an talamh an tráth céanna;

(B) is gá don phaisinéir leighis cúnamh a fháil ó bhall foirne teicniúil HEMS le linn eitilte;

(C) déanann ball foirne teicniúil HEMS díbhordáil chun maoirseacht a dhéanamh ar oibríocht crocháin lasta HEC le linn HEMS ó lasmuigh den héileacaptar;

(2) *Eitilt oíche*. Is mar seo a leanas a bheidh comhdhéanamh íosta na foirne:

(i) beidh beirt phíolótaí nó píolóta amháin agus ball foirne teicniúil HEMS amháin ann;

(ii) beidh píolóta amháin ann nuair a chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(A) is gá don phaisinéir leighis cúnamh a fháil ó bhall foirne teicniúil HEMS le linn na heitilte;

(B) ní láithreán oibriúcháin HEMS é an áit imeachta ná an ceann scríbe.

(3) Áiritheoidh an t-oibreoir go gcoinneofar leanúnachas an choincheapa foirne ar fud mhisean HEMS.

(f) Tá an fhoireann eitilte agus an fhoireann theicniúil oilte agus seiceáil déanta orthu

(1) Déanfaidh pearsanra cuícháilithe an oiliúint agus an tseiceáil i gcomhréir le siollabas mionsonraithe a bheidh san áireamh sa lámhleabhar oibríochtaí agus ar ina leith a bheidh cead tugtha ag an údarás inniúil.

(2) Baill den fhoireann

(i) I ngeall ar na heilimintí ábhartha go léir de na cláir um oiliúint na foirne a shainítear i bhFochuid FC agus TC d'Iarscríbhinn III (Cuid-ORO), lena n-áirítear oiliúint héileacaptair/FSTD, cuirfear feabhas ar an eolas atá ag an bhfoireann ar an timpeallacht oibre HEMS agus ar an trealamh HEMS, cuirfear feabhas ar chomhordú na foirne, agus áireofar leo bearta chun na rioscaí a bhaineann le hidirthuras faoi bhealach i ndálaí drochléargais a íoslaghdú, le láithreáin oibriúcháin HEMS a roghnú, agus le próifílí ascnaimh agus imeachta.

(ii) Déanfar na bearta dá dtagraítear i bpointe (i) a mheasúnú le linn an dá cheann díobh seo a leanas:

(A) Seiceálacha inniúlachta lae VMC, nó seiceálacha inniúlachta oíche VMC nuair a dhéanann an t-oibreoir oibríochtaí oíche HEMS;

(B) seiceálacha líne.

(iii) 12 mhí féilire a bheidh beidh sa tréimhse bhailíochta le haghaidh chomhpháirteanna HEMS na seiceálacha inniúlachta agus na seiceálacha líne dá dtagraítear i bpointe (ii) araon.';

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SPA.HEMS.140:

'SPA.HEMS.140 Faisnéis, nósanna imeachta agus doiciméadú

(a) Déanfaidh an t-oibreoir na rioscaí a bhaineann leis an timpeallacht HEMS a mheasúnú, a mhaolú agus a íoslaghdú mar chuid dá phróiseas anailíse agus bainistíochta riosca. Tabharfaidh an t-oibreoir tuairisc ar na bearta maolaitheacha, lena n-áirítear nósanna imeachta oibriúcháin, sa lámhleabhar oibríochtaí.

(b) Áiritheoidh an t-oibreoir go ndéanfaidh an ceannasaí HEMS measúnú ar na rioscaí sonracha a bhaineann leis an misean HEMS áirithe.

(c) D'ainneoin phointe CAT.OP.MPA.175 d'Iarscríbhinn IV, ní gá don oibreoir plean eitilte oibríochtúil a chomhlánú más rud é go n-áirítear leis an misean HEMS eitilt chuig láithreán oibriúcháin HEMS neamh-réamhshuirbhithe nó ó láithreán den chineál sin.

(d) Cuirfear sleachta ábhartha as an lámhleabhar oibríochtaí ar fáil don eagraíocht a gcuireann an t-oibreoir oibríochtaí HEMS i gcrích di.';

(i) cuirtear an pointe SPA.HEMS.151 seo a leanas isteach:

'SPA.HEMS.151 Córas rianaithe aerárthaí

Déanfaidh an t-oibreoir córas rianaithe aerárthaí a ndéantar faireachán air a bhunú agus a choinneáil ar bun le haghaidh oibríochtaí HEMS ar feadh thréimhse iomlán mhisean HEMS.';

(j) i bpointe SPA.PINS-VFR.100, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) Ní úsáidfidh an t-oibreoir íosdálaí oibriúcháin VFR laghdaithe ach sa chás sin amháin go gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(1) ní dhéantar na hoibríochtaí faoi cheadú HEMS;

(2) dheonaigh an t-údarás inniúil ceadú don oibreoir.';

(6) in Iarscríbhinn VII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad NCO.IDE.H.170(b):

'(b) I gcás héileacaptair atá deimhnithe le haghaidh uaschumraíocht suí do phaisinéirí, sé shuíochán nó níos lú, beidh na héileacaptair sin feistithe le haimsitheoirí tarchuradóra éigeandála ELT(S) nó rabhchán aimsithe pearsanta (PLB), á iompar ag ball den fhoireann nó ag paisinéir, nó le ELT uathoibríoch.';

(7) in Iarscríbhinn VIII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad SPO.IDE.H.190(b):

'(b) I gcás héileacaptair atá deimhnithe le haghaidh uaschumraíocht suí, sé shuíochán nó níos lú, beidh na héileacaptair sin feistithe le ELT(anna) nó rabhchán aimsithe pearsanta (PLB), á iompar ag ball den fhoireann nó ag speisialtóir taisc, nó le ELT uathoibríoch.'.